

## Seicliosta Míosúil

Tuiriscí Airgeadais	Bearta	Tá/ Níl
<b>Iarmhéideanna Bainc</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Seiceáil le feiceáil an raibh na cuntais bhainc ar oscailt nó dúnta i rith na tréimhse</li> <li>Má bhí, ar leanadh na nósanna imeachta cuí?</li> <li>An bhfuil na hiarmhéideanna bainc taobh istigh den teorainn leagtha síos ag an mBord Bainistíochta?</li> </ul>	
<b>Imréitigh Bhainc</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Seiceáil na himréitigh bhainc lena chinntiú nach bhfuil aon difríochtaí ar an tuairisc imréitigh</li> <li>Seiceáil an dáta ar an tuairisc imréitigh bhainc le cinntiú go n-imréitítear í leis an tréimhse chuntasaíochta faoi athbhreithniú.</li> </ul>	
<b>Fáltais agus Íocaíochtaí / Ioncam &amp; Cateachas</b>	<p>Léirítear sa tuairisc seo figiúirí na tréimhse reatha, figiúirí bliain go bliain, figiúirí an bhuiséid bhliantúil, figiúirí na bliana roimhe.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Déan scrúdú mion ar an tuairisc seo agus seiceáil aon suimeanna atá neamhghnách nó mór</li> <li>Déan measúnú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an scoil ar sprioc lena plean buiséid a chomhlíonadh.</li> </ul>	
<b>Clár Comhardaithe</b>	<p>Léirítear sa tuairisc seo na figiúirí don bhliain go dáta agus figiúirí na bliana roimhe.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Seiceáil go bhfuil comhardú déanta ar an gclár comhardaithe</li> <li>Féach le haghaidh suimeanna breise le sócmhainní seasta, athruithe i bhféichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí, athruithe i gcreidiúnaithe agus fabhruithe</li> <li>Má tá aon iarmhéid sa chuntas fionraí, ba chóir é a scrúdú.</li> </ul>	
<b>Liosta Creidiúnaithe / Fabhruithe</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Má tá córas an mhórléabhair ceannacháin á úsáid ag an scoil, déan scrúdú ar liosta na gcreidiúnaithe lena chinntiú go bhfuil an scoil ag íoc a cuid billí in am</li> <li>Ba chóir liosta na bhfabhruithe/sonrasc amuigh a shuimiú agus seiceáil an bhfuil a dóthain maoinithe ag an scoil chun a cuid dliteanas a íoc</li> <li>Má tá aon oibreacha caipitiúla ar bun ag an scoil faoi láthair, cinntigh go bhfaigheann tú liosta de na sonraisc amuigh.</li> </ul>	
<b>Ioncam a fhaightear roimh ré</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Toisc gur cleachtas coitianta i scoileanna anois é an táille clárúcháin/ranníocaíocht shaorálach a bhailiú roimh an gcéad scoilbhliain eile. Ba chóir liosta a ullmhú ina léirítear achoimre ar na fáltais roimh ré agus tá sé tábhachtach go ndéanfar cuntas ar leithligh do na cistí seo sna cuntais</li> <li>Ó am go chéile, gheobhaidh an scoil deontais le haghaidh scéimeanna oibreacha samhraidh srl., sula ndéanfar an obair, mar sin ní mór an t-ioncam sin a shainnithint agus cuntas ar leithligh a thabhairt ina leith.</li> </ul>	
<b>Réamhíocaíochtaí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Déan liosta de na réamhíocaíochtaí le cinntiú gur sannadh iad don tréimhse cheart.</li> </ul>	
<b>Cuntas Ioncaim agus Cateachais Chaipitiúil</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir an tuairisc seo a thabhairt i gcás tionscadal caipitil amhail síneadh. Scéim Oibreacha Samhraidh nó athchóiriú mór ar bun</li> <li>Ba chóir scrúdú a dhéanamh ar an tuairisc seo le cinntiú go dtagann an tionscadal leis an mbuiséad.</li> </ul>	